Córas iontrála i scoileanna

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcóras iontrála atá i bhfeidhm i scoileanna in Éirinn. An bhfuil a fhios agat cén fáth a bhfuil an scéal seo sa nuacht? Déan plé ar an ábhar leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

recommendations have been announced	_____
ruling	_____
breaching international contracts	_____
bias	_____
obsolete, antiquated	_____
school catchment area	_____
preference	_____
quotas	_____
the options	_____
different suggestions	_____
set in front of the public consultative process	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo thíos.

1. Cén dóigh, de réir na Náisiún Aontaithe, a bhfuil an tír seo ag sárú conarthaí idirnáisiúnta?

2. Cad iad na moltaí atá déanta ag an Aire Oideachais, Richard Bruton, chun dul i ngleic leis an bhfadhb?

3. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas?

Áine Hyland, Caoimhín Ó hEaghra agus **Ronan Mullen**

Ceist 4 *a deineadh* nó *a rinneadh*[1]

A. An bhfuil briathar saor na mbriathra mírialta ar eolas agat, san aimsir chaite, san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach? Líon na bearnaí sa tábla thíos.

	An aimsir chaite	**An aimsir láithreach**	**An aimsir fháistineach**
abair	dúradh		
beir		beirtear	
clois			cloisfear
déan	rinneadh		
faigh		faightear	
feic			feicfear
ith	itheadh		
tabhair		tugtar	
tar			tiocfar
téigh	chuathas		

B. Scríobh isteach an fhoirm dhiúltach de na briathra céanna anois.

C. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 5 ‘éagórach’

1. Tá a lán aidiachtaí comhchiallach leis an aidiacht thuas. Cad iad?

2. Cuir an fhoirm cheart den aidiacht ‘éagórach’ sna bearnaí:

   - cinneadh _____
   - fadhb _____
   - fadhbanna _____
   - fir _____
   - ceist na faidhbe _____
   - ceist an chinnidh _____

Ceist 6 Pléigh an cheist seo leis na daoine eile i do ghrúpa.

Ar cheart go gcuirfí creideamh an dalta san áireamh i gcóras iontrála na scoileanna? Cén fáth?

[1] Glactar leis an dá fhoirm sin i gCaighdeán Oifigiúil 2016.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

recommendations have been announced	tá moltaí fógartha
ruling	rialú
breaching international contracts	ag sárú conarthaí idirnáisiúnta
bias	leatrom
obsolete, antiquated	seanchaite
school catchment area	scoilcheantar
preference	tús áite
quotas	cuótaí
the options	na roghanna
different suggestions	moltaí éagsúla
set in front of the public	faoi bhráid an phobail
consultative process	próiseas comhairliúcháin

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

	An aimsir chaite	**An aimsir láithreach**	**An aimsir fháistineach**
abair	dúradh, ní dúradh	deirtear, ní deirtear	déarfar, ní déarfar
beir	rugadh, níor rugadh	beirtear, ní bheirtear	béarfar, ní bhéarfar
clois	chualathas, níor chualathas	cloistear, ní chloistear	cloisfear, ní chloisfear
déan	rinneadh, ní dhearnadh	déantar, ní dhéantar	déanfar, ní dhéanfar
faigh	fuarthas, ní bhfuarthas	faightear, ní fhaightear	gheofar, ní bhfaighfear
feic	chonacthas, ní fhacthas	feictear, ní fheictear	feicfear, ní fheicfear
ith	itheadh, níor itheadh	itear, ní itear	íosfar, ní íosfar
tabhair	tugadh, níor tugadh	tugtar, ní thugtar	tabharfar, ní thabharfar
tar	thángthas, níor thángthas	tagtar, ní thagtar	tiocfar, ní thiocfar
téigh	chuathas, ní dheachthas	téitear, ní théitear	rachfar, ní rachfar

Ceist 5
1. Aincheart, leatromach, mímhacánta, éagothrom agus míchothrom.
2. Cuir an fhoirm cheart den aidiacht ‘éagórach’ sna bearnaí:

- cinneadh **éagórach**
- fadhb **éagórach**
- fadhbanna **éagóracha**
- fir **éagóracha**
- ceist na faidhbe **éagóraí**
- ceist an chinnidh **éagóraigh**

Ceist 6
Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an cheist a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá moltaí fógartha ag an Aire Oideachais, Richard Bruton, a chuirfidh srian ar rialacha creidimh sa bpróiseas[2] iontrála i scoileanna. De réir suirbhé a deineadh le gairid, dúirt tuismitheoir as chuile[3] cheathrar nach mbaistfidís a gcuid páistí murach go raibh siad ag iarraidh áit a fháil dóibh i scoil na háite.

Irene Ní Nualláin
De réir rialú ó na Náisiúin Aontaithe, tá an tír seo ag sárú conarthaí idirnáisiúnta agus cead á thabhairt do bhunscoileanna poiblí leatrom a dhéanamh ar ghasúir mar gheall ar a gcreideamh. Dúirt an tAire Oideachais, Richard Bruton, go bhfuil an córas iontrála atá i bhfeidhm i scoileanna poiblí reiligiúnda[4] áirithe seanchaite. Dúirt sé go bhfuil sé éagórach gan glacadh le páistí atá ina gcónaí sa scoilcheantar de bharr nach mbaineann siad le reiligiún na scoile, agus go bhfuil tús áite á thabhairt do pháistí eile nach bhfuil sa scoilcheantar de bharr creideamh na scoile a bheith acu.

Tá ceithre mholadh déanta aige leis an gcóras iontrála a leasú; tús áite a thabhairt do pháistí a bhaineann le reiligiún na scoile

- nuair atá cónaí orthu sa scoilcheantar; nó
- nuair is í an scoil is gaire dóibh í; nó
- córas cuótaí a thabhairt isteach le líon áirithe spásanna a chur go leataobh do pháistí a bhaineann le reiligiún na scoile; nó
- bac iomlán a chur ar scoileanna reiligiún a úsáid i bpolasaí iontrála na scoile.

Áine Hyland, Ollamh Emeritus le hOideachas, OÉ Corcaigh
Ag éisteacht leis na daoine a bhí sa halla ar maidin, ní dóigh liom go raibh gach éinne[5] sásta leis na *options* sin. *So* caithfimid, is dóigh liom, fanacht chun go bhfeicfimid cad atá i gceist ag an Aire agus cad a tharlóidh.

Caoimhín Ó hEaghra, An Foras Pátrúnachta
Ceapann muid go bhfuil ceart ag páistí fáil isteach i scoileanna agus nár cheart go mbeadh aon bhac orthu á dhéanamh sin. Agus beidh muid á chur sin in iúl don Aire.

An Seanadóir Ronan Mullen, Neamhspleách
Fadhb ar bith le moltaí éagsúla a chur faoi bhráid an phobail, ach cibé rud a shocraíonn an tAire a dhéanamh, sa deireadh thiar, ní chruthóidh sé spás – oiread is spás amháin – níos mó do pháistí sna scoileanna.

Irene Ní Nualláin
Tá tús curtha ag an Roinn Oideachais le próiseas comhairliúcháin ar an ábhar. Meastar go mairfidh an próiseas idir deich seachtaine agus dhá sheachtain déag.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

[2] Córas Chonnacht
[3] *gach uile* an leagan caighdeánach
[4] *reiligiúnacha* an leagan caighdeánach
[5] *aon duine* an leagan caighdeánach